# NÓTAÍ DAMÁISTITHE
# EURO € AMHÁIN

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Cuireann an Banc Ceannais seirbhís ar fáil ina n-athsholáthraítear luach nótaí bainc agus monaí dílse euro, ar nótaí agus monaí damáistithe nó loite iad. Is féidir nótaí bainc damáistithe a thabhairt chuig do bhanc tráchtála áitiúil agus cuirfidh an banc sin d'iarratas ar aghaidh go díreach chuig an mBanc Ceannais thar do cheann; nó is féidir leat iad a chur isteach sa bhosca seachadta i mBanc Ceannais na hÉireann ar Ché an Phoirt Thuaidh, nó a sheoladh leis an bpost. Déan do thaisce a shórtáil mar seo a leanas:**




**Ní foláir na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le gach taisce:**

**1.**Foirm chomhlánaithe **2.**Sonraí cuntais bainc **3.** Cóip de chéannacht fhótagrafach i gcás taiscí os cionn €100

Aon taiscí a dhéanfar leis an bpost, ní mór iad a shórtáil mar atá léirithe thuas agus ní mór na monaí agus nótaí bheith séalaithe i gclúdaigh litreach ar leith. Seol iad chuig Banc Ceannais na hÉireann, Bosca PO 61, P2, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16

**Tuilleadh faisnéise:**

Féach "Mol na dTomhaltóirí" ar www.centralbank.ie, cuir ríomhphost chuig currencyservices@centralbank.ie, nó cuir glaoch ar an mBanc Ceannais ar +353 1 2245969.

**SONRAÍ TAISCE**

**Beidh moill ar aisíocaíocht mura gcomhlánaítear an fhoirm i gceart.**

Tabhair sonraí maidir leis an **NÓTA**/na **NÓTAÍ** atá faoi iamh

| Ainmníocht | Cainníocht | ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN | Ainmníocht | Cainníocht | ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN |
|---|---|---|---|---|---|
| €5 | | | €100 | | |
| €10 | | | €200 | | |
| €20 | | | €500 | | |
| €50 | | | **LUACH IOMLÁN** | | |

*Leasaithe 28/05/2019*

# NÓTAÍ DAMÁISTITHE EURO € AMHÁIN

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Úsáid BLOCLITREACHA ar an bhfoirm seo le do thoil.**

**Faisnéis thábhachtach maidir le taiscí ó chuideachtaí:**

- Tabhair d'uimhir CRO le do thoil:______________________
- I gcás taiscí os cionn €100, cuir isteach ráiteas bainc leasaithe in ainm na cuideachta don chuntas bainc ainmnithe in ionad céannacht fhótagrafach.

## Sonraí an Iarratasóra

Ainm iomlán an Iarratasóra

Uimh. Ghutháin

Dáta Breithe L L / M M / B B B B

Seoladh

Seoladh Ríomhphoist

**I gcás taiscí os cionn €100: An bhfuil an doiciméad céannachta riachtanach faoi iamh?** **Tá** ☐

D'fhonn d'fhaisnéis phearsanta a chosaint, déan an fhoirm chomhlánaithe a fhilleadh feadh na líne poncanna chun a chinntiú go bhfuil an taobh seo ar an taobh istigh.

## Sonraí Éigeantacha Cuntais Bainc

***Nóta: Is féidir fáltais ó mhalartú airgeadra a íoc isteach in aon chuntas bainc ainmnithe i bPoblacht na hÉireann.***

Banc

Brainse

Ainm an Chuntais

BIC

IBAN

Chun eolas a fháil faoi íocaíochtaí, cuir ríomhphost chuig currencyservices@centralbank.ie

**Mínigh cén chaoi ar damáistíodh na nótaí, lena n-áirítear sonraí maidir le haon salú:**

**Le do thoil, tabhair sonraí maidir le foinse na nótaí: Cá háit a bhfuair tú na nótaí?**

*Leasaithe 28/05/2019*

# NÓTAÍ DAMÁISTITHE EURO € AMHÁIN

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

*Maidir le taiscí arna nglacadh lena malartú, féadfaidh na húdaráis náisiúnta iad a mheasúnú ó thaobh Frithsciúradh Airgid (AML), Ioncaim agus Coiriúlachta. Is féidir go dtógfaidh sé roinnt ama an measúnú sin a chur i gcrích. Rialaítear malartuithe le rialacháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh, (Cinneadh 2013/10 ón mBanc Ceannais Eorpach). Foráiltear sna rialacháin sin nach n-aisíocfar nótaí má mheastar go ndearnadh damáiste dóibh d'aon ghnó. Sa bhreis air sin, ní chuirfear ar ais chuig an iarratasóir iad, toisc go bhfuil oibleagáid ar an mBanc Ceannais náisiúnta na nótaí sin a tharraingt siar ó chúrsaíocht.*

**Dearbhú le síniú ag an iarratasóir:**

- Táimse i dteideal na nótaí damáistithe euro atá faoi iamh a thaisceadh lena malartú.
- Ní dhearnadh an t-airgeadra damáistithe a mhilleadh, a shalú nó a dhamáistiú d'aon ghnó.
- Níor tháinig an t-airgeadra damáistithe ó ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith.
- Tá an fhaisnéis go léir atá tugtha beacht.
- Tuigim go bhféadfaidh an Banc Ceannais sonraí maidir leis an iarratas seo, lena n-áirítear cóipeanna de dhoiciméad céannachta a gheofar, a chur ar aghaidh chuig údaráis eile amhail An Garda Síochána agus/nó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Tuigim na ceanglais a leagtar amach sa doiciméad seo maidir le nótaí euro damásaithe a mhalartú.

| Síniú an Iarratasóra | | Dáta | D | D | / | M | M | / | B | B | B | B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

*Féadfaidh an Banc Ceannais sonraí pearsanta arna gcur ar fáil agat a phróiseáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh nó chun a oibríochtaí gnó a éascú. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí.* Is féidir aon cheisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an mBanc Ceannais a sheoladh chuig dataprotection@centralbank.ie.. Tá cóip d'Fhógra Príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar https://centralbank.ie/ga/fns/raiteas-priobhaideachais-an-tsuimh-greasain.